

Éileamh ar Chreidmheas Cánach agus Liúntas Madra Treorach do Dhall



Ainm agus Seoladh (Eircode san áireamh)

UPSP

An bhliain chánach a bhfuil éileamh á dhéanamh agat lena haghaidh

B	B	B	B
---	---	---	---

An bhfuil teastas agat ó mháinlia oftalmach ina ndearbhaítear go bhfuil tú féin, do chéile nó do pháirtneir sibhialta ar lagamharc an oiread sin nach bhfuil do/a g(h)éire amhairc lárnach níos mó ná 6/60 sa tsúil is fearr nuair a úsáidtear lionsaí ceartúcháin **nó** go bhfuil an trastomhas is leithne den réimse amhairc ag iompar uillinne nach mó ná 20 céim? Cuir sa bhosca cuí

Tá <input style="width: 40px; height: 20px;" type="checkbox"/>	Níl <input style="width: 40px; height: 20px;" type="checkbox"/>
--	---

Cé dód/í atá tú ag éileamh an Chreidmheasa Chánach do Dhall?

Cuir isteach sa bhosca/boscaí cuí

Mé féin <input style="width: 40px; height: 20px;" type="checkbox"/>	Céile nó Páirtneir Sibhialta <input style="width: 40px; height: 20px;" type="checkbox"/>
---	---

Liúntas Madra Treorach

Líon na Madraí Treorach atá á gcothabháil

An bhfuil litir agat ó Mhadraí Treorach do na Daill in Éirinn (maidir le gach madra atá á chothabháil) ina ndeimhnítear gur úinéir cláraithe thú?

Cuir sa bhosca cuí

Tá <input style="width: 40px; height: 20px;" type="checkbox"/>	Níl <input style="width: 40px; height: 20px;" type="checkbox"/>
--	---

Aisíocaíochtaí (Tagairt a dhéanamh ar an nóta thall maidir le haisíocaíochtaí cánach.)

Más mian leat go n-íocfaí aon aisíocaíocht díreach chuig do chuntas bainc, tabhair sonraí do chuntais bhainc le do thoil. (Nóta: Tá sé níos tapúla íocaíocht a fháil go leictreonach ná le seic).

Limistéar Aonair d'Íocaíochtaí Euro (SEPA)

De ghnáth, tá d'Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) agus Cód Aitheantais Bainc (BIC) le fáil ar do ráitis chuntais bainc. Tá breis eolais ar SEPA le fáil ar www.revenue.ie

Ní féidir aisíocaíocht a dhéanamh díreach chuig cuntas bainc eachtrach nach bhfuil ina bhall de SEPA.

Uimhir Idirnáisiúnta Chuntas Bainc (IBAN) (Uasfhad 34 carachtar)

Cód Aitheantais Bainc (BIC) (Uasfhad 11 carachtar)

Nóta: Íocfar aon aisíocaíocht Cánach chuig an cuntas bainc seo mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

Dearbhú is gá a shíniú

Dearbhaím go bhfuil na sonraí go léir ar an bhfoirm seo ceart ar feadh m'eolais agus mo chreidimh.

Síniú

Dáta

L	L	M	M	B	B
---	---	---	---	---	---

Seoladh
(Eircode
san áireamh)

R-phost

Uimhir Ghutháin

Eolas ar Chreidmheas Cánach agus Liúntas Madra Treorach do Dhall

Cé atá in ann éileamh a dhéanamh?

- Duine aonair atá dall ag am ar bith i rith na bliana cánach
- Daoine pósta nó páirtnéirí sibhialta a bhfuil an bheirt acu dall ag am ar bith i rith na bliana, agus déantar dúbailt ar a gcreidmheas cánach sa chás sin

Tabhair faoi deara: Níl an creidmheas cánach dlite i leith leanaí a bhféachtar orthu a bheith dall. Is féidir an Creidmheas Cánach do Leanbh ar Éagumas a éileamh ina leithéid de chásanna.

Coinníollacha le haghaidh éileamh bailí

Más mian leat cáiliú le haghaidh an chreidmheasa chánach, ní mór go bhfuil tú féin agus / nó do chéile nó do pháirtnéir ar lagamharc an oiread sin:

- Nach bhfuil do / a g(h)éire amhairc lárnach níos mó ná 6/60 sa tsúil is fearr nuair a úsáidtear lionsaí ceartúcháin
nó
- Go n-iompraíonn an trastomhas is leithne den réimse amhairc uillinn nach mó ná 20 céim

Doiciméid atá le bheith coinnithe agatsa

- Teastas ó Mháinlia Oftalmach ina ndearbhaítear:
 - Oiread na daille
 - Cé acu an bhfuil daille shealadach nó bhuan i gceist.

Tabhair do d'aire nach leor teastas ó radharceolaí nó ó dhochtúir.

- Má tá Liúntas Madra Treorach á éileamh agat:
 - Litir ó Mhadraí Treorach do na Daill in Éirinn, ina ndeimhnítear úinéireacht chláráithe.

Ní gá na doiciméid thuas a sheoladh ar aghaidh go dtí na gCoimisinéirí Ioncaim in éineacht le d'éileamh. Ach ós rud é go bhféadfaí d'éileamh a roghnú le haghaidh iniúchadh amach anseo, iarrtar ort gach doiciméad a bhaineann leis an éileamh seo a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana.

Aisíocaíochtaí Cánach

Má bhaineann d'éileamh leis an mbliain chánach reatha, seolfar Deimhniú Creidmheas Cánach athmheasta chugat agus déanfaidh d'fhostóir aisíocaíocht ar bith atá dlite leat go díreach.

Má bhaineann d'éileamh le bhliain chánach roimhe seo nó tréimhse dífhostaíochta, seolfaidh na Coimisinéirí Ioncaim aisíocaíocht ar bith atá dlite chugat go díreach. Is féidir aisíocaíochtaí cánach a íoc le seic nó isteach i do chuntas bainc.

Teorainn Ama le haghaidh Éileamh Aisíocaíochta

Ní mór éileamh ar aisíoc cánach a dhéanamh laistigh de cheithre bliana tar éis dheireadh na bliana cánach lena mbaineann an t-éileamh.

Inrochtaineacht

Más mian leat an fhoirm seo a fháil i bhformáid eile, is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Inrochtaineachta na gCoimisinéirí Ioncaim ag accessofficer@revenue.ie.

Tuilleadh eolais ar fáil ar www.revenue.ie

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear é seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí le fáil ar www.revenue.ie.